

Ábhar

Bás teangacha

Téacs Éisteachta

An tOllamh Jim McCloskey, Ollscoil Santa Cruz, ag cur síos ar bhás teangacha.

Forbairt Bhreise

Sliocht as *Guthanna in Éag* le Jim McCloskey (Cois Life: 2001).

Le caoinhead ó Chois Life agus ón údar.

Alt ó *The Irish Times* faoi na teangacha a labhraítear in Éirinn (25 Márta 2006).

Le caoinhead ó *The Irish Times*.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Bás Teangacha

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht leis an Ollamh Jim McCloskey, Ollscoil Santa Cruz, ag caint faoi bhás teangacha. Sula n-éistfidh tú leis an mír déan an réamhobair seo:

Plé

- An bhfuil eolas agat faoi aon teanga nach labhraítear a thuilleadh?
- An rud coitianta é bás teanga, dar leat? Cá dtarlaíonn sé? Conas a tharlaíonn sé?
- Cén toradh a bheadh ag bás teanga?
- Conas a dhéanfa cur síos ar an difear idir ‘teanga’ agus ‘canúint’?

Éisteacht

Anois éist leis an mír agus freagair an cheist seo:

Cad a deir an tOllamh McCloskey faoin tionchar atá ag bás teangacha (i) ar an eolaí teanga agus; (ii) ar na pobail a labhair an teanga?

Feasacht Teanga

- Tá leideanna sna frásaí thíos as an téipscript a deir leat cé acu an bhfuil na focail seo a leanas firinscneach nó baininscneach: eolas, scéal, urlabhra, coimhlint, saol, cine. Cad iad na leideanna sin?

an t-eolas
fírinne an scéil
struchtúr na hurlabhra
an choimhlint
in éadan an tsaoil
stóras cultúrtha an chine dhaonna

- Cuir na focail seo in abairtí a léireodh a mbrí:

cine cinneadh coinne i gcoinne

- Pléigh brí na bhfocal seo agus cuir in abairtí iad:

sinsear
glúin
sliocht

clann
teaghlach
muintir

Cad is brí leis an nguí seo: ‘Sliocht sleachta ar shliocht bhur sleachta’?
Pléigh an ghramadach atá ann.

Iarobair

Plé

- Beidh tú ag léamh sleachta as *Guthanna in Éag* – leabhar a scríobh an tOllamh McCloskey. Tugann sé eolas faoi na nithe seo thíos sa sliocht. Sula léifidh tú é, déan do mhachnamh orthu.

An méid teangacha atá in úsáid ar fud na cruinne.

An méid de na teangacha sin atá ‘díbheo’.

Tír ina bhfuil 90% de theangacha na tíre sin i ndeireadh na preibe.

An réigiún is lú saibhreas agus éagsúlacht teanga ar an domhan anois.

- Anois léigh an sliocht agus pléigh an cheist seo: an gcuireann aon chuid den eolas sa sliocht iontas ort? Cén chuid?

Tascanna

- An bhfuil aon tuairim agat cad iad na teangacha éagsúla a labhraítear in Éirinn? Cé mhéad díobh atá ann? Tabhair buille faoi thuairim agus scríobh liosta. Ansin cuir do chuid eolais i gcomparáid leis an eolas sa téacs as *The Irish Times* faoi theangacha a labhraítear in Éirinn. An gcuireann sé iontas ort?
- Cad iad na teangacha is mó a labhraítear ar domhan? Déan taighde agus roghnaigh na cúig cinn is mó cainteoirí.
- Faigh amach níos mó faoi mhionteangacha san Eoraip. Cad iad agus cá labhraítear iad? An bhfuil mionteangacha á labhairt i mórthíortha na hEorpa i.e. an Fhrainc, an Spáinn, an Ghearmáin?
- Féach ar an *Ethnologue* ar líne agus déan cur síos gearr ar eolas éigin a fhaigheann tú ann.
- Déan taighde ar mhionteangacha nó ar theangacha díbheo. Scríobh cuntas ar theanga amháin a bhfaigheann tú eolas fúithi (d’fhéadfadh aon tír ar domhan a bheith i gceist). Bíodh tagairt do na pointí seo i do chuntas: líon

na gcainteoirí, cá labhraítear an teanga, an bhfuil meáin chumarsáide aici,
an bhfuil an teanga á scríobh, an bhfuil an teanga i mbaol.

Téipscript

Agus tá cuid mhaith agat sa leabhar mar gheall ar na teangacha bundúchasacha anseo i gCalifornia agus teachtaireacht éadóchasach go maith agat mar gheall orthu agus go leor acu i ndeireadh na feide nó ar tí a gcaillte agus mar sin de. An gceapann tú go bhfuil aon athrú chun feabhais tarlaithe sna deich mbliana ó cuireadh amach an leabhar?

Ní fios dom go bhfuil. De réir mar a thig linn a dhéanamh amach, na teangacha a bhí lag nuair a scríobh mé an leabhar – b’fhéidir 10 mbliana ó shin a scríobh mé é – níos laige atá siad anois. Cuid acu go raibh grúpaí beaga cainteoirí acu, 10 mbliana ó shin, níl cainteoirí ar bith anois acu. Anois tá rudaí níos dóchasaí ag tarlúint in áiteanna eile, ach i gCalifornia go bunúsach tá deireadh leis na teangacha dúchasacha anseo, *you know*. Faraor, ach sin fírinne an scéil.

Agus cad is brí leis an gcailliúint sin, dar leat? Tráchtann tú air sin sa leabhar chomh maith. Cén toradh atá ar an scéal go bhfuil na teangacha bundúchasacha caillte?

Tá níos mó ná leibhéal amháin leis an cheist sin a fhreagairt. Mar eolaí teanga, bímse i gcónaí ag cuartú foinsí eolais. Le struchtúr na hurlabhra a thuigbheáil i gceart caithfidh tú gach cineál fianaise is féidir a chur ar fáil a aimsiú. De réir mar a bhíonn teangacha ag imeacht, caillimid an fhoinsé* eolais sin ar struchtúr na hurlabhra go ginearálta. Anois, níl sé sin róthábhachtach don ghnáthdhuine. Tá tú ag caint anseo ar chailliúint eolaíochtúil, mar a déarfá. Do na pobail sin, cailleann siad an ceangal sin a bhí acu leis an choimhlint a bhí ag a sinsir cur in éadan an tsaoil, dul i gceann an tsaoil agus a bheith ag iarraidh a theacht i dtír ar ar tharla dóibh agus mar sin de. Tá an t-eolas sin uilig caillte; tá na hamhráin caillte, tá na scéalta, an stair, fealsúnacht, creideamh, tá sin uilig caillte. Is cailliúint ollmhór í sin do na pobail féin. Níos measa ná sin is cailliúint ollmhór í do stóras eolais agus stóras cultúrtha an chine dhaonna ar fad. Mar tá rudaí le foghlaim ó gach cine agus mura mbíonn na teangacha sin agat, ní féidir foghlaim uathu.

* ‘an foinsé’ a deirtear.

Téacs 1

Ní fios go baileach cén líon teangacha atá ar domhan inniu. Tá deacrachtaí praiticiúla ar dtús ag baint leis an áireamh. Inniu féin, tá áiteacha ann ar beag an t-eolas atá ag sibhialtacht an chéad domhain orthu. Ar leibhéal eile, áfach, tá deacracht níos bunúsaí le sárú, sa mhéid is nach léir ar chor ar bith cad é an rud ‘teanga’ seachas ‘canúint’. Leaganacha éagsúla na Síne, mar shampla, glactar leo go minic mar theanga aontaithe amháin, cé nach bhfuil siad intuigthe ag a chéile agus cé go bhfuil siad chomh héagsúil lena chéile agus atá teangacha na hEorpa (agus níos faide óna chéile, ó thaobh struchtúir de, ná mar atá an Béarla agus an Ollainnis mar shampla). Glactar leis fosta go mbaineann canúint Ghaelach Thír Chonaill agus canúint Ghaelach Chiarraí le teanga amháin (an déantús saothriúil cultúir ar a nglaoimid chomh héasca sin ‘An Ghaeilge’), ach go mbaineann canúintí Gaelacha na hAlban le teanga eile ar fad. Níl bealach ar bith le coincheap na ‘teanga’ a shainmhíniú nach bhfuil i bhfostú i bpolaitíocht achrannach na féiniúlachta.

Ach cibé bealach a n-amharcaimid ar an scéal, tá firic bhunúsach amháin nach bhfuil éalú uaithi – is teirce i bhfad modhanna éagsúla urlabhra an chine dhaonna inniu ná mar a bhí roimhe, agus tá na modhanna éagsúla urlabhra sin ag imeacht ón saol chomh gasta sin nach bhfuil ar ár gcumas fiú a n-imeacht a chlárú.

Tá eagraíocht amháin ann a bhfuil fáth faoi leith agus cúis phraiticiúil aici le heolas cruinn agus iontaofa a bhailiú ar na hathruithe seo. SIL International an dream atá i gceist agam (an *Summer Institute of Linguistics* a thugtaí orthu tráth). Eagraíocht í seo a bhfuil sé mar chuspóir aici tacú le craobhscaoileadh an Phrotastúnachais ar fud an domhain. Tacaíocht an-phraiticiúil teangeolaíochta a chuireann siad ar fáil. Soláthraíonn siad aistriúcháin ar an Bhíobla agus téacsanna teagaisc i réimse leathan teangacha agus déanann siad cúrsaí oiliúna a reáchtáil dóibh siúd a bheas i mbun obair an mhisinéara agus mar sin de. Le tabhairt faoin obair seo, bíonn orthu buntaighde a dhéanamh ar na teangacha a bhfuiltear ag díriú orthu – leabhráin eolais, teoracha foghraíochta agus leabhair ghramadaí a chur ar fáil, córais ortagrafaíochta a chumadh do theangacha nach bhfuil a leithéid acu cheana féin agus mar sin. Obair chostasach agus obair dhian í seo.

Ar an ábhar sin, caithfidh SIL súil ghéar a choinneáil ar a bhfuil ag tarlú do theangacha ar fud an domhain. Caithfidh siad a bheith fuarchúiseach go háirithe faoi cé na teangacha a bhfuil oiread cainteoirí acu le gurbh fhiú an cineál seo iarrachta a dhíriú orthu. Le cinneadh mar seo a dhéanamh, teastaíonn eolas, agus eolas cruinn den sórt arbh fhéidir brath air. Ta gréasán leitheadach faisnéiseoirí agus misinéirí ag SIL a chuireann an sórt seo eolais ar fáil dóibh. Fágann seo uilig go bhfuil ag SIL taisceadán eolais ar staid theangacha na cruinne thar mar tá ag dream ar bith eile. Cuireann siad an t-eolas seo uilig ar fáil saor i aisce i bhfoirm leictreonach. Ar an suíomh idirlín a choinníonn siad, tá fáil ar an *Ethnologue*, bailiúchán ollmhór eolais ar theangacha na cruinne, cé tá á labhairt, cén sracadh

atá iontu, cén sórt tacaíochta atá taobh thiar díobh agus araile. Is féidir an stór seo eolais a iniúchadh ag:

<http://www.sil.org/ethnologue>

Más iontaofa meastachán an *Ethnologue*, 6,800 teanga is dóiche atá in úsáid ar fud na cruinne faoi láthair. Ach ina measc seo, níl ach céatadán an-bheag ar fad a bhfuil seans ar bith acu maireachtáil. De réir an mheastacháin is cúramaí agus is eolaisí dá ndearnadh go dtí seo, teangacha ‘díbheo’ leathchuid den 6,800 seo. Is é a chiallaíonn ‘díbheo’ sa chomhthéacs seo, gan an teanga a bheith in úsáid ach ag dornán beag seandaoine, agus gan í a bheith á foghlaim ag páistí mar theanga dhúchais. Níl éalú ón bhás ag na teangacha seo, agus ní fada uathu an deireadh – scór bliain, b’fhéidir nó níos lú, atá i ndán dá mbunús. Taibhsí siúlacha cheana féin iad...

Ach sa deireadh thiar, níl ach uimhir amháin a bhfuil tábhacht ar bith ag baint léi, agus muid ag iarraidh faid saoil teanga a mheas: aois an chainteora is óige. Muna bhfuil cainteoirí ann atá faoi bhun deich mbliana d’aois, tá deireadh léi. Tá cuid mhór teangacha anois ann ar fud na cruinne a bhfuil líon measartha mór cainteoirí acu – céad míle, trí chéad míle – ach nach bhfuil duine ina measc nach déagóir nó duine fásta é. Ní fiú toistiú mar chosaint na sluaite cainteoirí i gcás mar seo. Na teangacha a bhfuil céim tógtha acu thar an tairseach rí-thábhachtach seo, a bhfuil snáth mín seachadta an eolais ó ghlúin go glúin briste acu, tá a mbás siúd chomh cinnte le bás na dteangacha sin i gCalifornia nach bhfuil de phobal urlabhra acu ach cúpla seandúine.

Ní i réigiún amháin atá an slad seo á dhéanamh. Tá teangacha á gcailleadh i ngach cuid den domhan agus i ngach cineál sochaí. Taobh amuigh de Mhór-Roinn na hEorpa, is sna háiteacha ina raibh, nó ina bhfuil, an Béarla mar theanga choilíneachais (Meiriceá Thuaidh, an Astráil, deisceart na hAfraice) is mó ina bhfuil teangacha á ndísciú. San Astráil a rinneadh an jab is críochnúla. Tá 90% de theangacha na tíre sin ar na cosa deireanacha agus a mbunús, níl idir iad agus an ciúnas síoraí ach duine críonna nó dhó.

Ach níor cheart smaoineamh gur i gcríocha i bhfad i gcéin amháin atá na hathruithe seo ag titim amach. Is í Mór-Roinn na hEorpa an réigiún is lú saibhreas agus éagsúlacht teanga ar an domhan anois – tá 15% de dhaonra an domhain aici, ach gan inti ach 3% de theangacha an domhain. Inár réigiún féin, an réigiún inar múnlaíodh coincheap an náisiúin i dtús báire, tá slad marfach á dhéanamh ar theangacha laga leis na céadta bliain, agus fuadar breá éifeachtach faoin iarracht le fada...

Sliocht as *Guthanna in Éag* le Jim McCloskey (Cois Life: 2001).
Le caoinhead ó Cois Life agus ón údar.

Téacs 2

The Languages of Ireland

| | |
|----------------------------|-----------------------------|
| Acholi | North Uganda/Southern Sudan |
| Afrikaans | South Africa |
| Akamba | Kenya/Tanzania |
| Akan | Ghana |
| Albanian | |
| American Sign Language | |
| Amharic | Ethiopia |
| Arabic | |
| Armenian | Armenia |
| Azerbaijani | Azerbaijan |
| Bajuni | Kenya |
| Balanda | Sudan |
| Bamileke | Cameroon |
| Basque | Basque Country/Spain |
| Bassa | Liberia, Sierra Leone |
| Belorussian | Belarus |
| Bengali | Bangladesh |
| Berber | Morocco, Algeria |
| Bisaya | Philippines |
| Bosnian | |
| British Sign Language | |
| Bulgarian | |
| Burmese | Myanmar/Burma |
| Cantonese | Hong Kong |
| Catalan | Catalonia/Spain/France |
| Chechen | Chechnya |
| Coptic | Egypt |
| Creole/Krio from Guinea | |
| Creole/Krio from Mauritius | |
| Croatian | Croatia |
| Czech | |
| Danish | |
| Dari | Afghanistan |
| Dinka | South Sudan |
| Dioula | Burkina Faso |
| Dutch | |
| Edo | Nigeria |
| Ejagham | Cameroon, Nigeria |
| English | |
| Esan | Nigeria |
| Estonian | Estonia |
| Esperanto | |

| | |
|-----------------------------|--------------------------|
| Etsako | Nigeria |
| Éwé | Benin, Ghana, Togo |
| Farsi | Iran |
| Finnish | |
| French | |
| Fulfulde | West Africa |
| Fur | Sudan |
| Ga | Ghana |
| Georgian | Georgia |
| German | |
| Greek | |
| Guere | Côte d'Ivoire |
| Hausa | Nigeria |
| Hebrew | Israel |
| Hindi | India |
| Hungarian | |
| Ibgo | Nigeria |
| Icelandic | |
| Idoma Lembo | Nigeria |
| Igala | Nigeria |
| Igbira | Nigeria |
| Ika | Nigeria |
| Irish | |
| Irish Sign Language | |
| Irish Traveller Cant/Shelta | |
| Italian | |
| Itsekiri | Nigeria |
| Japanese | Japan |
| Kakwa | Uganda |
| Karimojong | Sudan |
| Kikongo | Congo (DRC, RoC) Angola |
| Kikuyu | Kenya |
| Kindibu | Congo (DRC, RoC), Angola |
| Kinyarwanda | Rwanda |
| Kirundi | Burundi, Central Africa |
| Kituba | Congo (DRC) |
| Koongo | Congo, Angola |
| Korean | |
| Kotokoli | Togo |
| Krahn | Côte d'Ivoire, Liberia |
| Krio | Sierra Leone |
| Krumen | Côte d'Ivoire |
| Kuku | Sudan |
| Kurdish | |
| Kurmanji | Kurdistan |
| Lango | Uganda |
| Latvian | |
| Lingala | Congo |

| | |
|---------------------|----------------------------|
| Lithuanian | |
| Luganda | Uganda |
| Mahan | Sudan |
| Malay | Malaysia |
| Malinke | West Africa |
| Maltese | |
| Mandarin | |
| Mandingo | The Niger |
| Mandinka | Senegal |
| Mende | Sierra Leone |
| Mina | Cameroon |
| Mongolian | |
| Mono | Congo |
| Muhas | Sudan |
| Ndebele | South Africa, Zimbabwe |
| Nepalese | Nepal, India, Bhutan |
| Newari | Nepal, India, Bhutan |
| Norwegian | |
| Nuba | Sudan |
| Nuer | Sudan |
| Nyanja | Malawi |
| Oromo | Ethiopia, Kenya |
| Pedi | South Africa |
| Pidgin English | Nigeria |
| Filipino | Philippines |
| Polish | |
| Portuguese | |
| Punjabi | Pakistan, India |
| Pushto | Pakistan, Afghanistan |
| Roma | Indonesia |
| Romani – Balkan | Poland, Hungary |
| Romani – Carpathian | Czech |
| Romani – Vlax | Romania |
| Romanian | |
| Runyankole | Uganda |
| Runyoro | Uganda |
| Russian | |
| Rutoro | Uganda |
| Saraiki | Pakistan |
| Serbian | |
| Serbo-Croat | |
| Shona | Zimbabwe, Zambia, Botswana |
| Sindhi | Pakistan, India |
| Sinhalese | Sri Lanka |
| Slovak | |
| Slovenian | |
| Somali | |
| Sotho | Lesotho, South Africa |

